Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**5844/22**

**COH 6**
**FIN 90**
**SOC 53**
**CADREFIN 9**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2021 dar teideal *Regularity of spending in EU Cohesion policy: Commission discloses annually a minimum estimated level of error that is not final* [Rialtacht an chaiteachais i gcás Bheartas Comhtháthaithe an Aontais: nochtann an Coimisiún íosleibhéal measta earráide gach bliain, nach leibhéal earráide críochnaitheach é] |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, mar a d'ullmhaigh agus mar a chomhaontaigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí iad an 27 Eanáir 2022.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**DRÉACHT**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Regularity of spending in EU Cohesion policy: Commission discloses annually a minimum estimated level of error that is not final* [Rialtacht an chaiteachais i gcás Bheartas Comhtháthaithe an Aontais: nochtann an Coimisiún íosleibhéal measta earráide gach bliain, nach leibhéal earráide críochnaitheach é]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' feasta) agus na freagraí ón gCoimisiún ar an Tuarascáil, a thug soiléiriú úsáideach ar an obair iniúchóireachta i réimse an bheartais chomhtháthaithe;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur scrúdaíodh, in iniúchadh na Cúirte, próisis agus nósanna imeachta an Choimisiúin i réimse an bheartais chomhtháthaithe maidir le glacadh na gcuntas agus maidir lena mheasúnú ar rialtacht an chaiteachais. Scrúdaigh an Chúirt freisin an chaoi a n-ullmhaíonn agus a chuireann an Coimisiún faisnéis rialtachta i láthair sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí agus sa tuarascáil bhliantúil bhainistíochta agus feidhmíochta;

(3) AITHNÍONN SÍ gur cumhdaíodh san obair iniúchóireachta creat rialaithe agus ráthaíochta 2014-2020 a raibh sé d'aidhm aige cur ar chumas an Choimisiúin riosca iarmharach earráide bliantúil a thuairisciú maidir le gach bliain chuntasaíochta agus gur cumhdaíodh in iniúchadh na Cúirte na blianta cuntasaíochta 2016-2017 agus 2017-2018, na blianta sin a raibh a mheasúnú curtha i gcrích ag an gCoimisiún maidir le rialtacht an chaiteachais ba bhonn leis na cuntais bhliantúla;

(4) CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT, ós rud é gur beartas infheistíochta fadtéarmach é an beartas comhtháthaithe a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, gur tionscadail ilbhliantúla iad na tionscadail arna maoiniú ag an Aontas agus nach mór do na córais rialaithe agus do na timthriallta bainistíochta lena mbaineann blianta iomadúla a chumhdach; agus, TARRAINGÍONN SÍ AR AIRD go dtugtar aghaidh ar chreat eile i gcóras iniúchóireachta an bheartais chomhtháthaithe, creat atá éagsúil leis an gcreat le haghaidh cláir um bainistiú díreach;

(5) MEASANN SÍ go soláthraíonn an córas iniúchóireachta atá curtha ar bun ag an gCoimisiún, go soláthraíonn sé, i bprionsabal, bonn láidir chun cinnteacht réasúnta a fháil maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais fholuitigh i ngach bliain chuntasaíochta;

(6) AITHNÍONN SÍ cuid de thorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- Ní thugtar údar leordhóthanach ar bhealach doiciméadaithe le dialltaí ón bplean iniúchóireachta;

- Níl inneachar ná struchtúr na tuarascála bliantúla bainistíochta agus feidhmíochta sách soiléir;

- Aimsíodh neamhréireachtaí i gcur i bhfeidhm na modheolaíochta don mheasúnú riosca;

(7) TUGANN SÍ moltaí na Cúirte DÁ hAIRE, go háirithe an méid seo a leanas:

- Feabhas a chur ar phróiseas doiciméadaithe agus athbhreithnithe na hiniúchóireachta;

- Treisiú le phríomhghnéithe na faisnéise rialtachta a chuirtear ar fáil sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí;

(8) TÁ SÍ I bhFÁCH le freagraí an Choimisiúin ar na torthaí agus ar na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe an méid seo a leanas:

- Tá sé ró-luath, ag an bpointe seo, athrú reachtach ar chreat rialála 2021-2027 a mholadh a mhéid a bhaineann le coinneáil íocaíochtaí; tá sé d’aidhm cheana féin, leis na hathruithe a tugadh isteach sna rialacha lena rialaítear an córas bainistíochta agus rialaithe don chlárthréimhse 2021-2027, buiséad an Aontais a chosaint a thuilleadh;

- Earráidí arna sainaithint trí iniúchtaí comhlíontachta i gcláir áirithe agus i mBallstáit áirithe, ní féidir a rá go mbaineann siad freisin le cláir eile ná le Ballstáit eile nach ndearnadh iniúchadh orthu;

- Ní mór cothromaíocht mhaith a aimsiú idir feabhas a chur ar an rian iniúchóireachta agus úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní iniúchóireachta;

(9) MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint lena bhfuil ar bun aige an próiseas iniúchóireachta a chuíchóiriú a thuilleadh, obair ar cuireadh tús léi tráth ar cruthaíodh an tseirbhís nua chomhpháirteach iniúchóireachta don Chomhtháthú. Ar an gcaoi sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Doiciméadacht na hiniúchóireachta a fheabhsú, i gcás inarb ábhartha, agus a áirithiú go leanfaidh na hiniúchóirí uile na ceanglais atá i bhfeidhm;
- Leanúint den rian iniúchóireachta a neartú d'fhonn an plean iniúchóireachta a bhunú, lena n-áirítear naisc shoiléire le torthaí an mheasúnaithe riosca agus le critéir ábhartha eile;
- Tuiscint na léitheoirí ar an ábhar casta teicniúil sin a éascú;

(10) MEASANN SÍ go bhfuil sé tábhachtach tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an tionchar a bhaineann le modh staidrimh a úsáid don obair iniúchóireachta, agus tuilleadh machnaimh a dhéanamh freisin ar an leibhéal inghlactha earráide, agus ar an mbealach is fearr a bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar earráidí, go háirithe na hearráidí athfhillteacha, d'fhonn na hearráidí sin a cheartú agus, níos tábhachtaí fós, chun na hearráidí sin a chosc amach anseo;

(11) TÁ SÍ DEN TUAIRIM gur tráth tábhachtach é an chéim fhrithráiteach idir an Coimisiún agus an Ballstát chun na torthaí go léir atá ar fáil maidir le hoibríocht chonspóideach a chomhroinnt, agus nár cheart an bonn a bhaint den phlé sin; má chuirtear fianaise chomhlántach ar fáil le linn na céime leantaí mar chruthúnas ar rialtacht codanna áirithe den chaiteachas, luíonn sé le réasún, sa chás sin, go bhféadfar méideanna an cheartúcháin a chuir an Coimisiún i bhfeidhm a choigeartú. Próiseas dinimiciúil é próiseas na hiniúchóireachta, agus féadfar rátaí earráide a mhodhnú le himeacht ama go dtí go nglacfar leis gur rátaí cinntitheacha iad i dtuarascáil iniúchóireachta chríochnaitheach;

(12) MEASANN SÍ nár cheart don chéim leantach a leanann an t-idirphlé frithráiteach idir an Coimisiún agus na Ballstáit maireachtáil níos faide ná mar is gá, ionas nach mbeadh moill ann agus an clabhsúr á chur ar nós imeachta iniúchóireachta i gcás oibríochta.

(13) IARRANN SÍ ar an gCúirt, tar éis di dul i gcomhairle leis na Ballstáit, moltaí a dhéanamh maidir leis an mbealach chun prionsabal an iniúchta aonair a chur chun feidhme i réimse an bheartais chomhtháthaithe, d'fhonn éifeachtúlacht na hoibre iniúchóireachta ar gach leibhéal a chuíchóiriú agus a mhéadú.